Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**12757/25**
**ADD 1**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2025/0272 (NLE)**

**POLCOM 233**
**SERVICES 55**
**COASI 99**
**TELECOM 300**
**DATAPROTECT 212**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 10 Meán Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2025) 478 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINN<br>a ghabhann leis an<br>Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle<br>maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 478 - annex.

---

Faoi iamh: COM(2025) 478 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 10.9.2025
COM(2025) 478 final

ANNEX

**IARSCRÍBHINN**

***a ghabhann leis an***

**Togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle**

**maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré**

# <u>IARSCRÍBHINN</u>

COMHAONTÚ
MAIDIR LE TRÁDÁIL DHIGITEACH
IDIR AN tAONTAS EORPACH
AGUS POBLACHT NA CÓIRÉ

Tá an tAontas Eorpach, dá ngairtear 'an tAontas' anseo feasta,

agus

Poblacht na Cóiré, dá ngairtear 'an Chóiré' anseo feasta,

dá ngairtear na 'Páirtithe' le chéile agus 'Páirtí' ina n-aonar anseo feasta,

AG CUR DÓIBH lena gcomhpháirtíocht láidir agus bhuan sheasta, atá bunaithe ar na prionsabail agus luachanna coiteanna a léirítear sa Chreat-Chomhaontú idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 10 Bealtaine 2010 (dá ngairtear an 'Creat-Chomhaontú ' anseo feasta), trí éifeacht a thabhairt dá fhorálacha maidir le trádáil;

ÓS MIAN LEO an limistéar saorthrádála a bhunaítear leis an gComhaontú Saorthrádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 6 Deireadh Fómhair 2010 (dá ngairtear an 'Comhaontú Saorthrádála' anseo feasta) a dhoimhniú;

AG AITHINT DÓIBH an Comhpháirtíocht Dhigiteach idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré (dá ngairtear an 'Comhpháirtíocht Dhigiteach' anseo feasta), arna síniú an 28 Samhain 2022, mar thionscnamh chun comhar idir an tAontas agus an Chóiré a chur chun cinn, i réimsí éagsúla den gheilleagar digiteach agus chun deiseanna a chruthú le haghaidh tionscnaimh chomhpháirteacha agus iarrachtaí i réimsí nua den gheilleagar digiteach agus i réimsí den gheilleagar digiteach atá ag teacht chun cinn;

AG AITHINT DÓIBH na Prionsabail Trádála Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré (dá ngairtear na 'Prionsabail Trádála Digití' anseo feasta), arna síniú an 30 Samhain 2022, mar cheann de phríomhspriocanna na Comhpháirtíochta Digití idir an tAontas Eorpach agus Poblacht na Cóiré, lena léirítear tiomantas comhpháirteach na bPáirtithe do gheilleagar digiteach oscailte agus lena soláthraítear creat comhchoiteann chun an trádáil dhigiteach a threisiú;

AGUS É Á AITHINT acu a thábhachtaí atá an geilleagar digiteach agus an trádáil dhigiteach, agus go mbraitheann an ráth eacnamaíoch leanúnach ar chumas an dá Pháirtí le chéile leas a bhaint as dul chun cinn teicneolaíoch chun feabhas a chur ar ghnólachtaí atá ann cheana, chun táirgí nua agus

margaí nua a chruthú, agus chun an saol laethúil a fheabhsú;

AG AITHINT DÓIBH na deiseanna eacnamaíocha le haghaidh gnólachtaí agus an rochtain níos leithne ar earraí agus seirbhísí le haghaidh tomhaltóirí a eascraíonn ón ngeilleagar digiteach agus an trádáil dhigiteach;

AR A BHEITH BEARTAITHE ACU a gcaidreamh eacnamaíoch a dhoimhniú i réimsí nua agus i réimsí atá ag teacht chun cinn, i gcomhthéacs a gcaidrimh trádála fabhraí déthaobhaigh;

AGUS É DE RÚN DAINGEAN ACU a gcaidreamh trádála fabhraí déthaobhach a neartú mar chuid dá gcaidreamh foriomlán agus ar bhealach atá comhleanúnach leis, agus é á aithint acu go gcruthófar timpeallacht nua leis an gComhaontú seo chun forbairt na trádála digití idir na Páirtithe a chothú;

AG CUR I dTÁBHACHT a thábhachtaí atá sé timpeallachtaí rialála oscailte, trédhearcacha, neamh-idirdhealaitheacha agus intuartha a chur chun cinn chun an trádáil dhigiteach a éascú;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá forbairt agus úsáid shlán fhreagrach na dteicneolaíochtaí digiteacha chun muinín an phobail a chothú;

AGUS COMHFHÍS ACU maidir leis an trádáil dhigiteach mar phríomhchumasóir na forbartha inbhuanaithe agus go gcuireann an trádáil dhigiteach le claochlú glas agus digiteach a ngeilleagar, agus á gcur san áireamh dá bhrí sin gur cheart na rialacha maidir leis an trádáil dhigiteach a bheith slán i bhfad na haimsire agus freagrúil don nuálaíocht agus do theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn;

AG ATHDHEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas do phrionsabail na forbartha inbhuanaithe sa Chomhaontú Saorthrádála;

AGUS É DE RÚN DAINGEAN ACU a gcaidreamh eacnamaíoch, trádála agus infheistíochta a neartú i gcomhréir leis na cuspóirí maidir le forbairt inbhuanaithe, ina gnéithe eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, agus trádáil dhigiteach a chur chun cinn faoin gComhaontú seo ar bhealach lena dtabharfar aird ar ardleibhéil chosanta comhshaoil agus saothair agus caighdeáin ábhartha a aithnítear go hidirnáisiúnta agus comhaontuithe idirnáisiúnta ábhartha;

ÓS DEIMHIN LEO go dtacaíonn an trádáil dhigiteach leis an bhfiontraíocht agus go gcumhachtaíonn sí gnólachtaí den uile mhéid páirt a ghlacadh sa gheilleagar domhanda trí fheabhas a chur ar an idir-inoibritheacht, an nuálaíocht, an iomaíocht agus an rochtain ar theicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide, go háirithe le haghaidh fiontraithe ar mná iad agus le haghaidh micrifhiontar agus fiontair bheaga agus mheánmhéide, agus an cuimsiú digiteach á chur chun cinn aici maidir le grúpaí agus daoine aonair a bhféadfadh bacainní díréireacha ar an trádáil dhigiteach a bheith rompu;

AG AITHINT DÓIBH a thábhachtaí atá trédhearcacht sa trádáil idirnáisiúnta agus infheistíocht, rud atá chun leasa na bpáirtithe leasmhara uile, agus á n-athdhearbhú dóibh gealltanais na bPáirtithe ábhartha a léirítear sa Chomhaontú Saorthrádála;

AG FÉACHAINT DÓIBH le creat nua-aimseartha agus dinimiciúil le haghaidh comhair a bhunú, creat a fhreagraíonn don gheilleagar digiteach agus don trádáil dhigiteach atá mear agus athraitheach;

AG DEARBHÚ DÓIBH cearta na bPáirtithe chun rialála laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach;

Á GCOMHLÁNÚ DÓIBH róil cheannaireachta idirnáisiúnta agus réigiúnacha na bPáirtithe agus tagarmharcanna, rialacha agus caighdeáin uaillmhianacha á saothrú acu le haghaidh an gheilleagair dhigitigh agus na trádála digití;

AG DEARBHÚ DÓIBH a dtiomantas do Chairt na Náisiún Aontaithe arna síniú in San Francisco an 26 Meitheamh 1945 agus ag féachaint do na prionsabail a chuirtear in iúl i nDearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine, arna ghlacadh ag Comhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe an 10 Nollaig 1948;

AG CUR DÓIBH lena gcearta agus a n- oibleagáidí féin faoin gComhaontú lena mbunaítear an Eagraíocht Dhomhanda Trádála (dá ngairtear ‘Comhaontú EDT’ anseo feasta), arna dhéanamh ag Marrakech, an 15 Aibreán 1994, agus faoi chomhaontuithe iltaobhacha agus déthaobhacha eile agus ionstraimí idirnáisiúnta comhair eile a bhfuil na Páirtithe ina bpáirtithe iontu,

TAR ÉIS COMHAONTÚ MAR A LEANAS:

## CAIBIDIL A hAON

## FORÁLACHA GINEARÁLTA

### AIRTEAGAL 1

### Cuspóir

1. Is é is aidhm don Chomhaontú seo an trádáil dhigiteach idir na Páirtithe a éascú, deimhneacht dhlíthiúil a sholáthar do ghnólachtaí agus tomhaltóirí a ghabhann dóibh, a gcosaint in idirbhearta digiteacha a fheabhsú, agus timpeallacht oscailte, shaor agus chothrom ar líne a chothú i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo.

2. Cuirfear an Comhaontú seo i bhfeidhm faoi chuimsiú an Chreat-Chomhaontaithe agus, in éineacht leis an gComhaontú Saorthrádála, cruthófar leis an limistéar saorthrádála i gcomhréir le hAirteagal XXIV (Cur i bhFeidhm Críochach – Trácht Teorann – Aontais Chustaim agus Limistéir Shaorthrádála) den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (dá ngairtear 'GATT 1994' anseo feasta) agus Airteagal V (Comhtháthú Eacnamaíoch) den Chomhaontú Ginearálta maidir le Trádáil Seirbhísí (dá ngairtear 'GATS' anseo feasta).

### AIRTEAGAL 2

### Raon feidhme

1. Tá feidhm ag an gComhaontú seo maidir le bearta Páirtí a dhéanann difear do thrádáil a chumasaítear trí mhodh leictreonach.

2. Níl feidhm ag an gComhaontú seo maidir leis an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí closamhairc;

(b) seirbhísí a sholáthraítear ná gníomhaíochtaí a dhéantar i bhfeidhmiú údaráis rialtais; agus

(c) sonraí a choinníonn nó a phróiseálann Páirtí, nó a choinnítear nó a phróiseáiltear thar a

cheann, nó bearta a bhaineann le sonraí den sórt sin[1], lena n-áirítear bearta a bhaineann le bailiú, stóráil nó próiseáil sonraí den sórt sin, seachas mar a fhoráiltear in Airteagal 16 (Sonraí Oscailte Rialtais).

## AIRTEAGAL 3

### An Ceart chun Rialála

Athdhearbhaíonn na Páirtithe a gceart chun rialála laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach, mar shampla sláinte phoiblí, seirbhísí sóisialta, oideachas poiblí, sábháilteacht, an comhshaol nó an mhoráltacht phoiblí a chosaint, cosaint shóisialta nó tomhaltóirí, cosaint príobháideachais sonraí, agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn agus a chosaint.

## AIRTEAGAL 4

### Sainmhínithe

Chun críocha an Chomhaontaithe seo:

(a) ciallaíonn 'gníomhaíochtaí a dhéantar le linn údarás rialtais a fheidhmiú' gníomhaíochtaí nach ndéantar ar bhonn tráchtála ná in iomaíocht le hoibreoir eacnamaíoch amháin nó níos mó;

(b) ciallaíonn 'teachtaireacht leictreonach tráchtála' teachtaireacht leictreonach a sheoltar chun críoch tráchtála chuig seoladh ríomhphoist duine trí aon seirbhís teileachumarsáide atá ar fáil don phobal go ginearálta[2], lena gcuimsítear ar a laghad ríomhphost, teachtaireachtaí téacs agus teachtaireachtaí ilmheán (SMS agus MMS) agus, a mhéid a fhoráiltear faoi dhlíthe nó rialacháin Páirtí, cineálacha eile teachtaireachtaí leictreonacha;

---

[1] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis na bearta sin bearta a bhaineann le saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonta a úsáidtear chun sonraí den sórt sin a bhailiú, a stóráil nó a phróiseáil.

[2] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá an sainmhíniú sin gan dochar do chumas na Cóiré rialáil a dhéanamh ar theachtaireachtaí leictreonacha tráchtála a sheoltar trí sheirbhísí teileachumarsáide neamhphoiblí.

(c) ciallaíonn ‘tomhaltóir’ aon duine nádúrtha atá ag gabháil i dtrádáil dhigiteach le haghaidh cuspóirí seachas cuspóirí gairmiúla;

(d) ciallaíonn ‘ríomh-fhíordheimhniú’ an próiseas nó an gníomh ina bhfíoraítear aitheantas duine nádúrtha nó dhlítheanaigh atá bainteach le ríomhchumarsáid nó idirbheart leictreonach, nó lena n-áirithítear sláine ríomhchumarsáide;

(e) ciallaíonn ‘ríomhshonrascadh’ doiciméad sonraisc leictreonaigh a mhalartú idir soláthróir agus ceannaitheoir;

(f) ciallaíonn ‘sonrasc leictreonach’ sonrasc a eisíodh, a tarchuireadh agus a fuarthas i bhformáid sonraí struchtúrtha trínar féidir próiseáil uathoibríoch agus leictreonach a dhéanamh air;

(g) ciallaíonn ‘ríomhíocaíochtaí’ aistriú éilimh airgeadaíochta ar dhuine ón díoltóir ar aistriú é atá inghlactha don íocaí agus a dhéantar trí mhodhanna leictreonach ach nach n- áirítear leis seirbhísí íocaíochta banc ceannais a bhaineann le réiteach idir soláthróirí seirbhísí airgeadais;

(h) ciallaíonn ‘ríomhsheirbhís seachadta chláraithe’ seirbhís lena bhféadtar sonraí a tharchur idir páirtithe trí mhodh leictreonach agus lena gcuirtear fianaise ar fáil a bhaineann le láimhseáil na sonraí a tarchuireadh, lena n-áirítear cruthúnas gur seoladh agus/nó go bhfuarthas iad, agus lena ndéantar na sonraí a tarchuireadh a chosaint ar an riosca go ndéanfar iad a chailliúint, a ghoid, nó go ndéanfar damáiste dóibh nó athrú neamhúdaraithe orthu;

(i) ciallaíonn ‘ríomhshíniú’ sonraí i bhfoirm leictreonach atá ina gcuid de theachtaireacht sonraí leictreonacha, nó atá curtha léi nó a bhfuil baint loighciúil acu léi a fhéadfar a úsáid chun an sínitheoir a shainaithint maidir leis an teachtaireacht sonraí agus a chuireann in iúl go bhformheasann an sínitheoir an fhaisnéis atá sa teachtaireacht sonraí;

(j) ciallaíonn ‘tarchur leictreonach’ tarchur a dhéantar trí úsáid a bhaint as aon mhodh leictreonach agus lena n-áirítear inneachar an tarchuir;

(k) ciallaíonn ‘úsáideoir deiridh’ duine nádúrtha nó dlítheanach a cheannaíonn seirbhís rochtana idirlín ó sholáthraí seirbhísí rochtana idirlín nó a liostáiltear leis;

(l) ciallaíonn ‘seirbhís airgeadais’ seirbhís airgeadais mar a shainmhínítear i mír 2 d’Airteagal

7.37 (Raon Feidhme agus Sainmhínithe) den Chomhaontú Saorthrádála;

(m) ciallaíonn 'sonraí rialtais' sonraí atá faoi úinéireacht nó á gcoimeád ag aon leibhéal rialtais nó ag institiúid phoiblí[3];

(n) ciallaíonn 'duine dlítheanach' aon eintiteas dlíthiúil atá comhdhéanta mar is cuí nó atá eagraithe ar bhealach eile faoin dlí is infheidhme, bíodh sin ar mhaithe le brabús nó eile, agus bíodh sé faoi úinéireacht phríobháideach nó faoi úinéireacht rialtais, lena n- áirítear aon chorparáid, iontaobhas, comhpháirtíocht, comhfhiontar, dílseánacht aonair nó comhlachas[4];

(o) ciallaíonn 'beart' aon bheart a dhéanann Páirtí, cibé acu i bhfoirm dlí, rialacháin, rialach, nós imeachta, chinnidh, gnímh riaracháin nó in aon fhoirm eile;

(p) ciallaíonn 'bearta Páirtí' na bearta uile arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun acu seo a leanas:

(i) rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla; agus

(ii) comhlachtaí neamhrialtasacha i bhfeidhmiú cumhachtaí arna dtarmligean ag rialtais nó údaráis lárnacha, réigiúnacha nó áitiúla;

ciallaíonn (q) 'sonraí pearsanta' aon fhaisnéis a bhaineann le duine nádúrtha sainaitheanta nó in-sainaitheanta[5];

(r) ciallaíonn 'seirbhís' aon seirbhís in aon earnáil seachas seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais;

(s) ciallaíonn 'soláthróir seirbhíse' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a fhéachann le seirbhís a sholáthar nó a sholáthraíonn seirbhís;

---

[3] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tuigfear an téarma 'institiúid poiblí' i gcomhréir le dlí gach Páirtí.

[4] Tabharfar an chóir chéanna do dhuine dlítheanach de gach cineál láithreachta tráchtála, lena n-áirítear brainse nó oifig ionadaíoch, agus a thugtar go dhuine dlítheanach faoin gComhaontú seo.

[5] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, áirítear leis sin faisnéis maidir le creidmheas pearsanta.

(t) ciallaíonn 'seirbhísí a sholáthraítear i bhfeidhmiú údaráis rialtais' seirbhísí mar a shainmhínítear i bpointe (c) d'Airteagal I:3 de GATS, agus pointe 1(b) den Iarscríbhinn maidir le Seirbhísí Airgeadais a ghabhann le GATS, i gcás inarb infheidhme;

(u) ciallaíonn 'críoch' maidir le gach Páirtí, an limistéar ina bhfuil feidhm ag an gComhaontú seo i gcomhréir le hAirteagal 41 (Cur i bhFeidhm Críochach);

(v) ciallaíonn 'teachtaireacht leictreonach tráchtála gan iarraidh' teachtaireacht leictreonach tráchtála a sheoltar gan toiliú ón bhfaighteoir nó d'ainneoin dhiúltú sainráite an fhaighteora; agus

(w) ciallaíonn 'EDT' an Eagraíocht Dhomhanda Trádála.

CAIBIDIL A DÓ

DISCIPLÍNÍ TRÁDÁLA DIGITÍ

ROINN A

SREAFAÍ SONRAÍ A bhFUIL MUINÍN ASTU

AIRTEAGAL 5

Sreafaí Sonraí Trasteorann

1. Tá na Páirtithe tiomanta d'aistriú trasteorann sonraí a áirithiú chun an trádáil dhigiteach a éascú, agus aithníonn siad an tráth céanna go bhféadfadh gach Páirtí a cheanglais rialála féin a bheith aige maidir leis an méid sin.

2. Chuige sin, ní dhéanfaidh Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ar bearta iad lena gcuirtear toirmeasc nó srian ar aistriú trasteorann sonraí idir na Páirtithe tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) a cheangal go n-úsáidfear saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra ar chríoch an Pháirtí

chun sonraí a phróiseáil, lena n-áirítear trí úsáid saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra a fhorchur atá deimhnithe nó ceadaithe ar chríoch an Pháirtí;

(b) a cheangal go ndéanfar sonraí a logánú ar chríoch an Pháirtí lena stóráil nó lena bpróiseáil;

(c) stóráil nó próiseáil sonraí ar chríoch an Pháirtí eile a thoirmeasc;

(d) a cheangal go mbeadh aistriú trasteorann sonraí ag brath ar úsáid saoráidí ríomhaireachta nó eilimintí líonra ar chríoch an Pháirtí nó ar cheanglais logánaithe ar chríoch an Pháirtí;

(e) aistriú sonraí isteach ar chríoch an Pháirtí a thoirmeasc; nó

(f) a cheangal go bhfaighfear formheas an Pháirtí sula ndéanfar sonraí a aistriú chuig críoch an Pháirtí eile[6].

3. Ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo cosc ar Pháirtí beart a ghlacadh nó a choinneáil ar bun ar beart é atá ar neamhréir le mír 2 chun cuspóir beartais phoiblí dlisteanach a bhaint amach[7], ar

---

6 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, le pointe (f) de mhír 2 ní chuirtear cosc ar Pháirtí an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) úsáid ionstraime aistrithe áirithe nó aistrithe sonraí trasteorann ar leith a chur faoi réir formheasa ar fhoras a bhaineann le cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais, i gcomhréir le hAirteagal 6;

(b) a cheangal go ndéanfar deimhniúchán nó measúnú comhréireachta ar tháirgí, seirbhísí agus próisis Teicneolaíochta Faisnéise Cumarsáide, lena n-áirítear an Intleacht Shaorga, sula ndéanfar iad a thráchtálú nó a úsáid ar a chríoch, chun a áirithiú go gcomhlíonfar dlíthe agus rialacháin atá comhsheasmhach leis an gComhaontú seo nó chun críoch cibearshlándála, i gcomhréir le mír 3 den Airteagal seo agus Airteagal 6(4), Airteagal 27 (Gearradh Amach Stuamachta), Airteagal 28 (Eisceachtaí Ginearálta) agus Airteagal 29 (Eisceachtaí Slándála); nó

(c) a cheangal ar eintitis a phróiseálann sonraí atá faoi chosaint ceart maoine intleachtúla nó oibleagáidí rúndachta a eascraíonn as dlíthe agus rialacháin Páirtí atá comhsheasmhach leis an gComhaontú seo, na cearta nó na hoibleagáidí sin a urramú agus na sonraí á n-aistriú thar theorainneacha, lena n- áirítear maidir le hiarrataí ar rochtain ó chúirteanna agus ó údaráis tríú tíortha, i gcomhréir le hAirteagal 28 (Eisceachtaí Ginearálta).

7 Chun críocha an Airteagail seo, déanfar 'cuspóir beartais phoiblí dlisteanach' a léirmhíniú ar bhealach oibiachtúil agus cumasófar leis cuspóirí a shaothrú amhail an tslándáil phoiblí, an mhoráltacht phoiblí, nó beatha nó sláinte daoine, ainmhithe nó plandaí a chosaint nó an t- ord poiblí a chaomhnú, leasanna bunúsacha na sochaí amhail an tsábháilteacht ar líne, an chibearshlándáil, agus intleacht shaorga shábháilte agus iontaofa a chosaint, nó cosaint ar scaipeadh bréagaisnéise, nó cuspóirí comhchosúla eile a bhaineann le leas an phobail, agus

choinníoll gur fíor an méid seo a leanas i leith an bhirt:

(a) ní chuirtear i bhfeidhm é ar bhealach arb é a bheadh ann modh idirdhealaithe threallaigh nó gan údar, sin nó srianadh faoi cheilt ar thrádáil; agus

(b) ní fhorchuirtear leis an mbeart srianta ar aistrithe faisnéise ná ar úsáid nó suíomh saoráidí ríomhaireachta is mó ná mar is gá chun an cuspóir a bhaint amach.

4. Tá feidhm ag an Airteagal seo maidir le haistriú trasteorann sonraí airgeadais arna dhéanamh ag soláthróir seirbhísí airgeadais i gcás inar gá sonraí den sórt sin a phróiseáil i ngnáthchúrsa gnó an tsoláthróra seirbhísí airgeadais sin[8]. Ní bheidh feidhm ag pointí (a) go (d) de mhír 2 maidir leis na forálacha a leagtar síos in Airteagal 11(1) agus Airteagal 14-2(7) de Rialachán na Cóiré maidir le Maoirseacht ar Idirbhearta Airgeadais Leictreonacha (Fógra Uimh. 2025-4 ó Choimisiún Sheirbhísí Airgeadais Phoblacht na Cóiré, an 5 Feabhra 2025) lena gcuirtear chun feidhme an Gníomh um Idirbhearta Airgeadais Leictreonacha (Dlí Uimh. 19734, an 14 Meán Fómhair 2023)[9].

5. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní dhéanann míreanna 3 agus 4 difear do léirmhíniú eisceachtaí eile sa Chomhaontú seo ná dá bhfeidhm maidir leis an Airteagal seo, ná do cheart Páirtí aon cheann díobh a agairt.

6. Déanfaidh na Páirtithe athbhreithniú leanúnach ar chur chun feidhme an Airteagail seo, agus déanfaidh siad measúnú ar a fheidhmiú laistigh de 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. Féadfaidh Páirtí a iarraidh ar an bPáirtí eile tráth ar bith an liosta srianta atá liostaithe i mír 2 a athbhreithniú. Déanfar iarraidh den sórt sin a mheas go tuisceanach.

---

inathraitheacht na dteicneolaíochtaí digiteacha á gcur san áireamh.

8 De bhun Airteagal 3 (Ceart Rialála), atá comhsheasmhach leis an gComhaontú seo, athdhearbhaíonn na Páirtithe a gceart chun rialáil agus maoirseacht a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí airgeadais laistigh dá gcríocha chun cuspóirí beartais dlisteanacha a bhaint amach.

9 Leis na bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun de bhun na bhforálacha dá dtagraítear sa mhír seo, ní fhéadfar toirmeasc a chur ar aistriú sonraí airgeadais i bhfoirm ar bith le haghaidh próiseáil sonraí lasmuigh de chríoch na Cóiré.

AIRTEAGAL 6

Cosaint Sonraí Pearsanta agus Príobháideachas

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an ceart ag daoine aonair chun cosaint sonraí pearsanta agus chun príobháideachais agus go gcuireann ardchaighdeáin maidir leis sin le feabhas a chur ar mhuinín sa gheilleagar digiteach agus le forbairt trádála.

2. Chuige sin, déanfaidh gach Páirtí creat dlíthiúil a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena ndéantar foráil maidir le cosaint sonraí pearsanta daoine aonair atá ag gabháil don trádáil dhigiteach.

3. Ba cheart do gach Páirtí, agus a chreat dlíthiúil maidir le cosaint sonraí pearsanta á fhorbairt aige, prionsabail agus treoirlínte arna bhforbairt ag comhlachtaí idirnáisiúnta ábhartha i ndáil le croíphrionsabail a chur san áireamh, amhail dlíthiúlacht, cáilíocht sonraí, sonrú cuspóra, bailiú agus teorainn ar úsáid, coinneáil sonraí theoranta, slándáil sonraí, trédhearcacht, cuntasacht, cearta infhorfheidhmithe daoine aonair amhail rochtain, ceartúchán, scriosadh, maoirseacht neamhspleách agus sásamh éifeachtach.

4. Áiritheoidh gach Páirtí go ndéantar foráil maidir le cosaint neamh-idirdhealaitheach sonraí pearsanta le haghaidh daoine aonair lena chreat dlíthiúil arna ghlacadh nó arna choinneáil ar bun faoi mhír 2.

5. Ní chuirfidh aon ní sa Chomhaontú seo cosc ar Pháirtí bearta i ndáil le cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais a ghlacadh nó a choinneáil ar bun, lena n-áirítear maidir le haistriú trasteorann sonraí pearsanta, ar choinníoll go bhforáiltear le dlí an Pháirtí maidir le hionstraimí lena gcumasaítear aistrithe den sórt sin faoi choinníollacha a mbeidh feidhm ghinearálta acu[10] chun na sonraí a aistrítear a chosaint.

6. Cuirfidh gach Páirtí an Páirtí eile ar an eolas faoi aon bheart a d’fhéadfadh sé a ghlacadh nó a choinneáil ar bun i gcomhréir le mír 5.

---

10 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tagraíonn ‘coinníollacha a mbeidh feidhm ghinearálta leo’ do choinníollacha a cheapfar i dtéarmaí oibiachtúla a mbeidh feidhm acu go cothrománach maidir le líon neamhaitheanta d’oibreoirí eacnamaíocha agus, ar an gcaoi sin, cumhdófar leo raon cásanna agus cásanna.

7. Foilseoidh gach Páirtí faisnéis maidir leis an gcosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais a sholáthraíonn sé do dhaoine aonair a ghabhann don trádáil dhigiteach, lena n-áirítear treoraíocht i ndáil leis an méid seo a leanas:

(a) conas is féidir le daoine aonair leighis a lorg; agus

(b) conas is féidir le gnólachtaí ceanglais dhlíthiúla a chomhlíonadh.

8. Féachfaidh na Páirtithe le faisnéis a mhalartú maidir le húsáid sásraí chun sonraí pearsanta a aistriú agus eispéiris a chomhroinnt maidir leis an úsáid sin, mar is iomchuí.

ROINN B

FORÁLACHA SONRACHA

AIRTEAGAL 7

Dleachtanna Custaim ar Tharchuir Leictreonacha

1. Ní fhorchuirfidh ceachtar Páirtí dleachtanna custaim ar tharchuir leictreonacha.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfear bac le mír 1 ar Pháirtí cánacha inmheánacha, táillí nó muirir eile a fhorchur ar tharchuir leictreonacha, ar bhealach nach bhfuil ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 8

Gan Réamhúdarú

Déanfaidh Páirtí a dhícheall gan réamhúdarú ar an aon fhoras amháin a cheangal go soláthraítear an

tseirbhís ar líne[11], nó ní dhéanfaidh sé aon cheanglas a bhfuil éifeacht choibhéiseach aige a ghlacadh nó a choinneáil ar bun.

AIRTEAGAL 9

Conarthaí Leictreonacha

Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go bhféadfar conarthaí a thabhairt i gcrích trí mhodh leictreonach agus nach gcuirfear lena dhlí bacainní ar úsáid conarthaí leictreonacha agus nach dtiocfar astu nach mbeidh éifeacht dhlíthiúil nó bailíocht dhlíthiúil ar aon fhoras amháin go ndearnadh an conradh trí mhodh leictreonach.

AIRTEAGAL 10

Ríomh-fhíordheimhniú agus Ríomhshínithe[12]

1. Níor cheart do Pháirtí éifeacht dhlíthiúil ná bailíocht dhlíthiúil doiciméid leictreonaigh nó ríomhshínithe ná a n-inghlacthacht mar fhianaise in imeachta breithiúnacha a dhiúltú ar an aon fhoras amháin gur i bhfoirm leictreonach atá siad.

2. Ní dhéanfaidh aon Pháirtí bearta a ghlacadh ná a choinneáil ar bun lena ndéanfaí an méid seo a leanas:

(a) toirmeasc a chur ar pháirtithe i ríomh-idirbheart an modh ríomh-fhíordheimhnithe iomchuí nó an ríomhshíniú iomchuí maidir leis an idirbheart sin a chinneadh go frithpháirteach; nó

(b) cosc a chur ar pháirtithe i ríomh-idirbheart an deis a bheith acu a shuí os comhair údaráis bhreithiúnacha agus riaracháin go gcomhlíonann a n- idirbheart aon cheanglas dlíthiúil i ndáil

---

11 Soláthraítear seirbhís ar líne nuair a sholáthraítear í trí mhodh leictreonach gan na páirtithe a bheith i láthair go comhuaineach.

12 Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear cosc ar Pháirtí le haon ní san Airteagal seo éifeacht dhlíthiúil níos mó a thabhairt do ríomhshíniú a shásaíonn ceanglais áirithe, amhail a chur in iúl nár athraíodh an teachtaireacht sonraí leictreonacha nó céannacht an tsínitheora a fhíorú.

le ríomh-fhíordheimhniú nó ríomhshínithe.

3. D’ainneoin mhír 2, féadfaidh Páirtí a cheangal i dtaca le catagóir áirithe idirbheart, go ndéanfaidh údarás creidiúnaithe i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin an modh ríomh-fhíordheimhnithe nó an ríomhshíniú a dheimhniú, nó go gcomhlíonann an modh ríomh-fhíordheimhnithe nó an ríomhshíniú caighdeáin áirithe feidhmíochta a bheidh oibiachtúil, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach agus nach mbainfidh ach le saintréithe sonracha na catagóire idirbheart lena mbaineann, i gcomhréir lena dhlí.

4. A mhéid a fhoráiltear faoina dhlíthe nó a rialacháin, cuirfidh Páirtí míreanna 1 go 3 i bhfeidhm maidir le ríomhshéalaí, ríomhstampaí ama agus seirbhísí seachadta cláraithe leictreonacha.

5. Spreagfaidh na Páirtithe úsáid ríomh-fhíordheimhnithe idir-inoibrithigh.

6. Féadfaidh Páirtithe oibriú le chéile ar bhonn deonach, chun an t-aitheantas frithpháirteach do ríomhshínithe a spreagadh.

AIRTEAGAL 11

Cód Foinseach

1. Ní dhéanfaidh ceachtar Páirtí ceanglas maidir le haistriú cóid fhoinsigh bogearraí atá faoi úinéireacht duine nádúrtha nó dlítheanach de chuid an Pháirtí eile, ná rochtain air, mar choinníoll chun na bogearraí sin, nó táirgí ina bhfuil na bogearraí sin, a allmhairiú, a onnmhairiú, a dháileadh, a dhíol nó a úsáid, ina chríoch nó óna chríoch.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr:

(a) Féadfaidh feidhm a bheith ag Airteagal 27 (Gearradh Amach Stuamachta), ag Airteagal 28 (Eisceachtaí Ginearálta) agus ag Airteagal 29 (Eisceachtaí Slándála) maidir le bearta Páirtí arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun i gcomhthéacs nós imeachta deimhniúcháin;

(b) níl feidhm ag mír 1 maidir le haistriú deonach cóid fhoinsigh bogearraí, nó rochtain a dheonú

air, ar bhonn tráchtála ag duine nádúrtha nó dlítheanach den Pháirtí eile, amhail i gcomhthéacs idirbhirt soláthair phoiblí nó conarthaí a chaibidlítear go neamhshrianta; agus

(c) ní dhéanann mír 1 difear don cheart atá ag údaráis rialála, comhlachtaí forfheidhmithe dlí nó comhlachtaí breithiúnacha de chuid Páirtí a cheangal go ndéanfar cód foinseach bogearraí a mhodhnú chun go gcomhlíonfar a dhlíthe agus a rialacháin dá chuid nach bhfuil ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

3. Ní dhéanfaidh aon ní san Airteagal seo difear do na nithe seo a leanas:

(a) an ceart atá ag údaráis rialála, comhlachtaí forfheidhmithe dlí, comhlachtaí breithiúnacha nó comhlachtaí um measúnú comhréireachta[13] de chuid Páirtí aistriú cód foinseach bogearraí, nó rochtain air, a cheangal sula ndéantar na bogearraí sin a allmhairiú, a onnmhairiú, a dháileadh, a dhíol nó a úsáid, nó ina dhiaidh sin, chun críoch imscrúduithe, cigireachta nó scrúdaithe, gníomhaíochta forfheidhmiúcháin nó imeachtaí breithiúnacha, chun a áirithiú go gcomhlíonfar a dhlíthe agus a rialacháin lena saothraítear cuspóirí beartais phoiblí dlisteanacha[14], faoi réir coimircí in aghaidh nochtadh neamhúdaraithe;

(b) na ceanglais ó chúirt, binse riaracháin, údarás iomaíochta, nó comhlacht ábhartha eile de chuid Páirtí maidir le sárú dlí na hiomaíochta a leigheas nó ceanglais de bhun dlíthe nó rialacháin Páirtí ar dlíthe nó rialacháin iad nach bhfuil ar neamhréir leis an gComhaontú seo chun rochtain comhréireacht agus spriocdhírithe a thabhairt ar chód foinseach bogearraí atá riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní iontrála ar mhargaí digiteacha chun a áirithiú go mbeidh na margaí sin iomaíoch, cothrom, oscailte agus trédhearcach go fóill;

(c) cearta maoine intleachtúla a chosaint agus a fhorfheidhmiú; nó

(d) an ceart atá ag Páirtí bearta a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal III de Chomhaontú EDT maidir le Soláthar Rialtais.

---

13 Chun críocha an Airteagail seo, tagraíonn 'comhlacht um measúnú comhréireachta' do chomhlacht, gníomhaireacht nó údarás rialtasach ábhartha de chuid Páirtí, nó do chomhlacht neamhrialtasach agus cumhachtaí arna dtarmligean ag comhlacht rialtasach nó údarás de chuid Páirtí á bhfeidhmiú aige, a chuireann nósanna imeachta i gcrích maidir le measúnú comhréireachta le dlíthe nó rialacháin is infheidhme de chuid an Pháirtí sin.

14 D'fhéadfaí a áireamh leo sin na cuspóirí beartais phoiblí a liostaítear san fhonóta a ghabhann le hAirteagal 5(3) (Sreafaí Sonraí Trasteorann).

AIRTEAGAL 12

Iontaoibh Tomhaltóirí ar Líne

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá bearta trédhearcacha agus éifeachtacha a chuireann le muinín agus iontaoibh tomhaltóirí sa ríomhthráchtáil.

2. Chuige sin, déanfaidh gach Páirtí bearta a ghlacadh nó a choinneáil ar bun lena n-áirithítear cosaint éifeachtach tomhaltóirí a bhíonn ag gabháil don ríomhthráchtáil, lena n-áirítear bearta lena ndéantar an méid seo a leanas:

(a) toirmisc a chur ar chleachtais tráchtála atá calaoiseach, míthreorach agus meabhlach agus lena ndéantar dochar nó lena bhféadfaí dochar a dhéanamh do thomhaltóirí a bhíonn ag gabháil don ríomhthráchtáil;

(b) a cheangal ar sholáthróirí earraí nó seirbhísí gníomhú de mheon macánta agus cloí le cleachtais tráchtála chothroma;

(c) a cheangal ar sholáthróirí earraí nó seirbhísí faisnéis a sholáthar atá iomlán, cruinn agus trédhearcach maidir leis na hearraí nó seirbhísí sin, agus maidir lena gcéannacht agus sonraí teagmhála freisin[15];

(d) sábháilteacht na n-earraí agus, i gcás inarb infheidhme, na seirbhísí a áirithiú le linn a ngnáthúsáid nó a n-úsáid is measartha intuartha; agus

(e) rochtain a thabhairt do thomhaltóirí ar shásamh nó cúlárach chun a gcearta a éileamh, lena n- áirítear ceart chun leigheasanna i gcásanna ina n- íoctar as earraí nó seirbhísí agus nach ndéantar iad a sheachadadh nó a sholáthar de réir mar a aontaíodh.

3. Chun críoch an Airteagail seo, áirítear na nithe seo a leanas le ‘cleachtais tráchtála atá

15 I gcás soláthróirí seirbhíse idirghabhálacha, áirítear leis sin freisin céannacht agus sonraí teagmhála sholáthróir iarbhír an earra nó na seirbhíse.

calaoiseach, míthreorach agus meabhlach':

(a) mífhaisnéis ábhartha a thabhairt[16], lena n- áirítear mífhaisnéis fhíriciúil nó maímh bhréagach maidir le ceisteanna amhail cáilíochtaí, praghas, oiriúnacht don fheidhm, cainníocht nó tionscnamh na n- earraí nó na seirbhísí;

(b) earraí agus seirbhísí a fhógairt lena soláthar gan é a bheith beartaithe iad a sholáthar, nó gan cumas réasúnta a bheith ann iad a sholáthar;

(c) gan earraí nó seirbhísí a sholáthar don tomhaltóir tar éis íocaíocht a ghearradh ar an tomhaltóir ach amháin má tá údar leis sin ar fhoras réasúnta; nó

(d) íocaíocht a ghearradh ar thomhaltóir ar earraí nó seirbhísí nár iarradh.

4. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé cosaint tomhaltóirí a sholáthar do thomhaltóirí atá ag gabháil do ríomhthráchtáil ar leibhéal nach lú ná an leibhéal cosanta a sholáthraítear do thomhaltóirí atá ag gabháil do chineálacha eile tráchtála.

5. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá comhar idir a ngníomhaireachtaí cosanta tomhaltóirí féin nó comhlachtaí ábhartha eile, ar comhar é maidir le gníomhaíochtaí a bhaineann le ríomhthráchtáil trasteorann, chomh maith lena thábhachtaí atá sé cúram cumhachtaí forfheidhmiúcháin leormhaithe a chur orthu chun cosaint tomhaltóirí ar líne a fheabhsú.

6. Déanfaidh gach Páirtí a dhlíthe agus a rialacháin maidir le cosaint tomhaltóirí a chur ar fáil go poiblí agus a dhéanamh inrochtana go héasca.

7. Aithníonn na Páirtithe na tairbhí a bhaineann le sásraí, lena n-áirítear réiteach malartach díospóidí, chun réiteach díospóidí a eascraíonn as idirbhearta ríomhthráchtála a éascú.

AIRTEAGAL 13

---

[16] Chun críocha an Airteagail seo, tagraíonn 'mífhaisnéis ábhartha' do mhífhaisnéis ar dócha go ndéanfaí dochar léi d'iompar nó cinneadh tomhaltóra maidir le hearra nó seirbhís a úsáid nó a cheannach.

Teachtaireachtaí Leictreonacha Tráchtála gan Iarraidh

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé muinín agus iontaoibh sa ríomhthráchtáil a chur chun cinn, lena n-áirítear trí bhearta trédhearcacha éifeachtacha lena gcuirtear teorainn le teachtaireachtaí leictreonacha tráchtála gan iarraidh. Chuige sin, glacfaidh gach Páirtí bearta nó coinneoidh sé bearta ar bun lena ndéantar an méid seo a leanas:

(a) ceanglófar ar sholáthraithe teachtaireachtaí leictreonacha tráchtála é a éascú d'fhaighteoirí[17] cosc a chur ar fháil leanúnach na dteachtaireachtaí sin; agus

(b) ceanglófar toiliú ó fhaighteoirí teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha a fháil, mar a shonraítear de réir dhlí gach Páirtí.

2. D'ainneoin phointe (b) de mhír 1, maidir le daoine nádúrtha nó dlítheanacha a bhailigh, i gcomhthéacs soláthar earraí nó seirbhísí agus i gcomhréir le dlí an Pháirtí sin, sonraí teagmhála faighteora, ceadóidh gach Páirtí teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha a sheoladh chuig an bhfaighteoir sin i dtaca lena n-earraí comhchosúla ná a seirbhísí féin[18].

3. Áiritheoidh gach Páirtí go mbeidh teachtaireachtaí tráchtála leictreonacha in-sainaitheanta amhlaidh go soiléir, go nochtfar leo an té ar thar a cheann a sheoltar iad agus go mbeidh iontu an fhaisnéis is gá chun é a chur ar a gcumas d'fhaighteoirí scor a iarraidh i leith na dteachtaireachtaí sin saor in aisce agus tráth ar bith.

4. Tabharfaidh gach Páirtí rochtain d'fhaighteoirí ar shásamh nó cúlárach in aghaidh soláthróirí teachtaireachtaí leictreonacha tráchtála gan iarraidh nach gcomhlíonann na bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun de bhun mhíreanna 1 agus 3.

5. Féachfaidh na Páirtithe le comhoibriú i gcásanna iomchuí d'ábhar imní frithpháirteach maidir le rialáil teachtaireachtaí leictreonacha tráchtála gan iarraidh.

---

[17] Chun críocha an Airteagail seo, bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun i ndáil le faighteoirí ag an Aontas, beidh feidhm ag na bearta sin maidir le daoine nádúrtha. Bearta arna nglacadh nó arna gcoinneáil ar bun ag an gCóiré i ndáil le faighteoirí, beidh feidhm ag na bearta sin maidir le daoine nádúrtha agus dlítheanacha.

[18] Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirtear bac, leis sin, ar Pháirtí toiliú faighteora a éileamh chun teachtaireachtaí den sórt sin a fháil tar éis do thréimhse dul in éag, mar a shainmhínítear i ndlí an Pháirtí sin, tar éis earraí nó seirbhísí a sholáthar.

## AIRTEAGAL 14

### Comhar maidir le Saincheisteanna faoin Trádáil Dhigiteach

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an Chomhpháirtíocht Dhigiteach chun a gcomhar déthaobhach a chur chun cinn i réimsí éagsúla den gheilleagar digiteach agus chun deiseanna a chruthú le haghaidh tionscnaimh agus iarrachtaí comhpháirteacha i réimsí nua agus i réimsí atá ag teacht chun cinn den gheilleagar digiteach.

2. Chun an comhar faoin gComhpháirtíocht Dhigiteach a chomhlánú agus an comhar ábhartha faoin gComhaontú Saorthrádála á aithint, lena n-áirítear sa Choiste um Thrádáil agus um Fhorbairt Inbhuanaithe arna bhunú de bhun Airteagal 15.2(2) (Coistí Speisialaithe) den Chomhaontú Saorthrádála, malartóidh na Páirtithe faisnéis maidir le hábhair rialála i gcomhthéacs na trádála digití, lena dtabharfar aghaidh ar na nithe seo a leanas:

(a) an ríomh-fhíordheimhniú idir-inoibritheach a aithint agus a éascú agus ríomhshínithe a aithint go frithpháirteach;

(b) conas a chaithfear le teachtaireachtaí leictreonacha tráchtála gan iarraidh;

(c) cosaint tomhaltóirí;

(d) na dea-chleachtais agus faisnéis maidir le lóistíocht trasteorann; agus

(e) ábhair eile atá ábhartha maidir le forbairt na trádála digití, lena n-áirítear na hábhair sin dá dtagraítear sna Prionsabail Trádála Digití.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, tá comhar rialála maidir le rialacha agus coimircí na bPáirtithe le haghaidh cosaint sonraí pearsanta agus príobháideachais, lena n-áirítear maidir le haistrithe trasteorann sonraí pearsanta, faoi réir chur i bhfeidhm Airteagal 6 (Cosaint Sonraí Pearsanta agus Príobháideachais).

AIRTEAGAL 15

Rochtain Oscailte ar an Idirlíon

1. Féachfaidh gach Páirtí lena áirithiú go mbeidh úsáideoirí deiridh ar a chríoch in ann an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) seirbhísí agus feidhmchláir dhleathacha is rogha leo agus atá ar fáil ar an idirlíon a rochtain agus a úsáid, faoi réir bainistiú líonra atá neamh-idirdhealaitheach, réasúnta, trédhearcach agus comhréireach nach gcuirtear bac nó moill leis ar thrácht idirlín chun buntáiste tráchtála míchuí a fháil[19];

(b) a rogha gaireas a cheangal leis an Idirlíon, ar choinníoll nach ndéanann na gairis sin dochar do shlándáil gaireas eile, don líonra nó do na seirbhísí a sholáthraítear ar an líonra sin; nó

(c) rochtain a fháil ar fhaisnéis thrédhearcach agus shoiléir maidir le cleachtais a soláthróra seirbhíse rochtana idirlín maidir le bainistiú líonra.

2. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní chuirfidh aon ní san Airteagal seo cosc ar na Páirtithe bearta a ghlacadh arb é is aidhm dóibh sábháilteacht phoiblí a chosaint i ndáil le húsáideoirí ar líne, i gcomhréir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 16

Sonraí Oscailte Rialtais

1. Aithníonn na Páirtithe go gcuirtear le forbairt eacnamaíoch agus shóisialta, iomaíochas, táirgiúlacht agus nuálaíocht a spreagadh trí rochtain an phobail ar shonraí rialtais agus úsáid na sonraí sin a éascú.

---

19 Chun críocha phointe (a) de mhír 1, aithníonn na Páirtithe maidir le soláthróir seirbhíse rochtana idirlín a thairgeann inneachar áirithe dá úsáideoirí deiridh amháin nach mbeadh an soláthróir sin ag gníomhú contrártha don phrionsabal sin.

2. A mhéid a roghnaíonn Páirtí sonraí rialtais a chur ar fáil go digiteach lena rochtain agus a úsáid ag an bpobal, féachfaidh sé leis an méid seo a leanas a áirithiú:

(a) beidh na sonraí i bhformáid lenar féidir iad a chuardach, a aisghabháil, a úsáid, a athúsáid agus a athdháileadh go héasca;

(b) cuirfear na sonraí ar fáil i bhformáid meaisín-inléite agus, i gcás inarb ábhartha, i bhformáid atá cumasaithe ó thaobh spáis de;

(c) beidh meiteashonraí ag gabháil leis na sonraí, a bheidh chomh caighdeánach agus is féidir;

(d) cuirfear na sonraí ar fáil trí chomhéadain feidhmchláir atá iontaofa, so-úsáidte agus a bhfuil fáil saor in aisce orthu, a mhéid is féidir;

(e) tabharfar na sonraí cothrom le dáta go tráthrialta;

(f) ní bheidh na sonraí faoi réir coinníollacha atá idirdhealaitheach nó lena gcuirtear srian ar athúsáid; agus

(g) cuirfear na sonraí ar fáil lena n-  athúsáid i gcomhréir iomlán le rialacha Páirtí maidir le cosaint sonraí pearsanta, lena n-áirítear anaithnidiú iomchuí.

3. Féachfaidh na Páirtithe le comhoibriú chun bealaí a shainaithint ina mbeidh gach Páirtí in ann rochtain ar shonraí rialtais a chuir an Páirtí ar fáil don phobal a mhéadú agus úsáid níos mó a bhaint astu, d’fhonn deiseanna gnó a fheabhsú agus a ghiniúint, thar a n-úsáid ag an earnáil phoiblí.

AIRTEAGAL 17

Ríomhshonrascadh

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an ríomhshonrascadh chun éifeachtúlacht, cruinneas agus iontaofacht na n-idirbheart tráchtála agus an tsoláthair a mhéadú trí mhodh leictreonach. Aithníonn gach páirtí na tairbhí a bhaineann le háirithiú idir-inoibritheacht na gcreat a

úsáidtear le haghaidh ríomhshonrasctha ar a chríoch leis na creata a úsáidtear le haghaidh ríomhshonrasctha ar chríoch an Pháirtí eile, agus a thábhachtaí atá caighdeáin an ríomhshonrasctha mar phríomhghné chuige sin.

2. Áiritheoidh gach Páirtí go bhfuil na bearta a bhaineann le ríomhshonrascadh ar a chríoch ceaptha chun tacú le hidir-inoibritheacht trasteorann idir creata ríomhshonrasctha na bPáirtithe. Chuige sin, cuirfidh na Páirtithe caighdeáin, treoirlínte nó moltaí idirnáisiúnta san áireamh, i gcás inar ann dóibh.

3. Féachfaidh na Páirtithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) dea-chleachtais a bhaineann le ríomhshonrascadh a chomhroinnt agus oibriú i gcomhar chun glacadh idirnáisiúnta creat idir-inoibritheach le haghaidh ríomhshonrasctha a chur chun cinn;

(b) oibriú i gcomhar ar thionscnaimh lena ndéantar glacadh an ríomhshonrasctha ag gnólachtaí a chur chun cinn, a spreagadh, a chothú nó a éascú;

(c) beartais fholuiteacha, bonneagar agus próisis lena dtacaítear leis an ríomhshonrascadh a chur chun cinn; agus

(d) feasacht maidir le an ríomhshonrascadh a ghiniúint, agus an acmhainneacht a fhorbairt lena aghaidh.

## AIRTEAGAL 18

## Trádáil gan Pháipéar

1. Chun timpeallacht teorann gan pháipéar a chruthú le haghaidh trádáil in earraí, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé deireadh a chur le foirmeacha páipéir agus le doiciméid atá riachtanach maidir le allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí. Chuige sin, spreagtar na Páirtithe deireadh a chur le foirmeacha agus doiciméid páipéir, de réir mar is cuí, agus aistriú i dtreo foirmeacha agus doiciméid a úsáid i bhformáidí atá bunaithe ar shonraí.

2. Na foirmeacha agus na doiciméid a bhfuil gá leo le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó

idirthuras earraí, féachfaidh gach Páirtí leis na foirmeacha agus na doiciméid sin a chur ar fáil don phobal i bhformáid leictreonach[20].

3. Na foirmeacha agus doiciméid a bhfuil gá leo le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí a chuirtear isteach i bhformáid leictreonach, féachfaidh gach Páirtí le glacadh leis na foirmeacha agus doiciméid sin mar choibhéis dhlíthiúil de leaganacha páipéir de na foirmeacha agus na doiciméid sin.

4. Comhoibreoidh na Páirtithe go déthaobhach agus i bhfóraim idirnáisiúnta chun glacadh leaganacha leictreonacha d'fhoirmeacha agus de dhoiciméid a bhfuil gá leo le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí a chur chun cinn.

5. Agus tionscnaimh á bhforbairt aige lena bhforáiltear d'úsáid na trádála gan pháipéar, déanfaidh gach Páirtí a dhícheall na modhanna arna gcomhaontú ag eagraíochtaí idirnáisiúnta a chur san áireamh.

---

20 Chun críocha na míre seo, folaíonn an téarma 'formáid leictreonach' aon fhormáid atá oiriúnach do léirmhíniú uathoibrithe agus do phróiseáil leictreonach gan idirghabháil an duine, chomh maith le híomhánna digiteacha agus foirmeacha digiteacha.

AIRTEAGAL 19

Ionaid Ilfhreastail

1. Agus a ionad ilfhreastail á bhunú nó á choinneáil ar bun aige de bhun Airteagal 10.4.1 den Chomhaontú um Éascú Trádála, a leagtar amach in Iarscríbhinn 1A a ghabhann le Comhaontú EDT, féachfaidh gach Páirtí le cumasú na doiciméadachta nó na sonraí a éilíonn sé le haghaidh allmhairiú, onnmhairiú nó idirthuras earraí trína chríoch trí phointe iontrála aonair a chur isteach go leictreonach chuig a údaráis nó a ghníomhaireachtaí rannpháirteacha uile.

2. Forbróidh na Páirtithe comhar, amhail trí mhalartú faisnéise a bhaineann le custaim de réir mar is iomchuí, trí ríomhchumarsáid struchtúrtha athfhillteach idir údaráis chustaim na bPáirtithe, faisnéis a bhaineann le custaim de réir mar is iomchuí agus i gcomhréir le dlíthe gach Páirtí, chun feabhas a chur ar an mbainistiú riosca agus ar éifeachtacht rialuithe custaim, lena ndírítear ar earraí a bhfuil riosca ag baint leo ó thaobh bailiú ioncaim nó ó thaobh sláinte agus sábháilteachta de, agus lena n- éascaítear an trádáil dhlisteanach.

3. Leis an gCoiste um Chustam arna bhunú de bhun Airteagal 15.2(1) (Coistí Speisialaithe) den Chomhaontú Saorthrádála, déanfar an méid seo a leanas:

(a) áiritheofar cur i bhfeidhm cuí an Airteagail seo agus scrúdófar na saincheisteanna uile a eascraíonn as sin;

(b) féadfar rúin, moltaí nó tuairimí a fhoirmiú a mheasfaidh an Coiste a bheith riachtanach chun na cuspóirí coiteanna a bhaint amach agus chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm go cuí; agus

(c) ar iarraidh ó Pháirtí, tiocfaidh sé le chéile chun aon difríocht a d'fhéadfadh teacht chun cinn idir na Páirtithe maidir le hábhair a bhaineann leis an Airteagal seo a phlé agus féachfaidh sé lena réiteach.

4. Féadfaidh an Coiste um Chustam cinntí a mholadh atá le glacadh ag an gCoiste Trádála, arna bhunú de bhun Airteagal 15.1(1) (Coiste Trádála) den Chomhaontú Saorthrádála, chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme. Beidh sé de chumhacht ag an gCoiste Trádála cinntí den sórt sin a dhéanamh.

AIRTEAGAL 20

Ríomhíocaíochtaí

1. Agus fás tapa na ríomhíocaíochtaí á thabhairt dá n-aire, go háirithe na ríomhíocaíochtaí sin a sholáthraíonn soláthróirí nua seirbhísí ríomhíocaíochta, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé timpeallacht éifeachtúil, shábháilte agus shlán a fhorbairt le haghaidh ríomhíocaíochtaí trasteorann, lena n-áirítear tríd an méid seo a leanas a aithint:

(a) an tairbhe a bhaineann le tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt ríomhíocaíochtaí trasteorann atá sábháilte, éifeachtúil, iontaofa, slán, inacmhainne agus inrochtana trí chaighdeáin a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta a ghlacadh agus a úsáid, trí idir-inoibritheacht córas ríomhíocaíochta a chur chun cinn agus trí nuálaíocht úsáideach agus iomaíocht úsáideach a spreagadh sna seirbhísí ríomhíocaíochta;

(b) a thábhachtaí atá sé seasamh le córais ríomhíocaíochta atá sábháilte, éifeachtúil, iontaofa, slán agus inrochtana trí dhlíthe agus rialacháin lena gcuirtear san áireamh, i gcás inarb iomchuí, na rioscaí a bhaineann leis na córais sin; agus

(c) a thábhachtaí atá sé tabhairt isteach táirgí agus seirbhísí ríomhíocaíochta atá sábháilte, éifeachtúil, iontaofa, slán, inacmhainne agus inrochtana a chumasú go tráthúil.

2. Chuige sin, féachfaidh gach Páirtí leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cinntí críochnaitheacha a eisiúint go tráthúil maidir le formheasanna rialála nó ceadúnúcháin;

(b) caighdeáin íocaíochta a bhfuil glacadh leo go hidirnáisiúnta a chur san áireamh, i gcás córais ríomhíocaíochta ábhartha, chun idir-inoibritheacht níos mó idir córais ríomhíocaíochta a chumasú;

(c) soláthróirí seirbhísí airgeadais agus soláthróirí seirbhísí ríomhíocaíochtaí a spreagadh chun úsáid a bhaint as ardáin oscailte agus ailtireachtaí oscailte agus, i gcomhréir leis na rialacha is

infheidhme maidir le cosaint sonraí, comhéadain theicniúla a dtáirgí airgeadais, a seirbhísí airgeadais agus a n- idirbheart airgeadais a chur ar fáil, chun idir-inoibritheacht níos mó a éascú, nithe a bhféadfadh comhpháirtíochtaí le soláthraithe tríú páirtí a bheith san áireamh leo, faoi réir bainistiú riosca iomchuí; agus

(d) nuálaíocht agus iomaíocht a éascú agus tabhairt isteach táirgí agus seirbhísí nua airgeadais agus ríomhíocaíochta a éascú go tráthúil, amhail trí bhoscaí gainimh rialála agus tionscail a ghlacadh.

3. Déanfaidh gach Páirtí a dhlí féin maidir le ríomhíocaíochtaí, lena n-áirítear a dhlí a bhaineann le formheas rialála, ceanglais cheadúnúcháin, nósanna imeachta agus caighdeáin theicniúla, a chur ar fáil go poiblí go tráthúil.

AIRTEAGAL 21

Cibearshlándáil

1. Aithníonn na Páirtithe go bhfuil an chibearshlándáil ina bonn taca leis an ngeilleagar digiteach agus go ndéanann bagairtí uirthi dochar don mhuinín sa trádáil dhigiteach.

2. Aithníonn na Páirtithe inathraitheacht na gcibearbhagairtí. Chun na bagairtí sin a shainaithint agus a mhaolú agus an trádáil dhigiteach a éascú dá réir sin, féachfaidh na Páirtithe leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

(a) cur le hacmhainneachtaí a n-eintiteas náisiúnta féin a bhfuil freagracht acu maidir le freagairt do chibirtheagmhais; agus

(b) oibriú i gcomhar chun ionsánna mailíseacha nó scaipeadh cóid mhailísigh a dhéanann difear do líonraí leictreonacha Páirtithe a shainaithint agus a mhaolú, chun aghaidh a thabhairt ar chibirtheagmhais go tráthúil, agus chun faisnéis a roinnt le haghaidh feasachta agus dea-chleachtas.

3. Agus inathraitheacht na gcibearbhagairtí agus a ndrochthionchar ar an trádáil dhigiteach á thabhairt dá n-aire acu, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá cuir chuige rioscabhunaithe

agus aghaidh á tabhairt ar na bagairtí sin, agus bacainní trádála a íoslaghdú an tráth céanna. Dá réir sin, chun rioscaí cibearshlándála a aithint agus chun cosaint orthu, chun teagmhais chibearshlándála a bhrath agus chun freagairt do chibeartheagmhais agus chun téarnamh uathu, féachfaidh gach Páirtí le cuir chuige rioscabhunaithe a úsáid, ar cuir chuige iad a bhraitheann ar dhea-chleachtais sa bhainistiú rioscaí agus ar chaighdeáin a fhorbraítear ar mhodh atá bunaithe ar chomhthoil agus atá trédhearcach agus oscailte, agus spreagfaidh sé na gnólachtaí laistigh dá chríoch na cuir chuige sin a úsáid.

AIRTEAGAL 22

Caighdeáin, Rialacháin Theicniúla agus Nósanna Imeachta um Measúnú Comhréireachta

1. Chun críocha an Airteagail seo, na sainmhínithe a leagtar amach in Iarscríbhinn 1 a ghabhann leis an gComhaontú maidir le Bacainní Teicniúla ar an Trádáil (dá ngairtear 'BTT' anseo feasta), beidh feidhm *mutatis mutandis* acu.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta agus an rannchuidiú a dhéantar leo maidir le geilleagar digiteach dea-fheidhmiúil a chothú, agus bacainní ar thrádáil dhigiteach a laghdú tríd an gcomhoiriúnacht, an idir-inoibritheacht agus an iontaofacht a mhéadú.

3. Spreagfaidh na Páirtithe a gcomhlachtaí féin chun páirt a ghlacadh i réimsí leasa fhrithpháirtigh agus chun comhoibriú iontu ag fóraim idirnáisiúnta ina bhfuil an dá Pháirtí ina bpáirtithe, chun forbairt agus úsáid caighdeán idirnáisiúnta a bhaineann leis an trádáil dhigiteach a chur chun cinn. I réimsí leasa fhrithpháirtigh atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar digiteach, féachfaidh na Páirtithe leis sin a dhéanamh freisin le haghaidh seirbhísí a bhfuil baint acu leis an trádáil dhigiteach.

4. Aithníonn na Páirtithe gur féidir an trádáil dhigiteach a éascú le sásraí lena n-éascaítear sainaithint trasteorann na dtorthaí ar mheasúnaithe comhréireachta. Féachfaidh na Páirtithe le leas a bhaint as na sásraí sin, lena n-áirítear comhaontuithe aitheantais idirnáisiúnta maidir le glacadh le torthaí measúnaithe comhréireachta ag rialtóirí. I réimsí leasa fhrithpháirtigh atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar digiteach, féachfaidh na Páirtithe leis sin a dhéanamh freisin le haghaidh seirbhísí a bhfuil baint acu leis an trádáil dhigiteach.

5. Chuige sin, i réimsí leasa fhrithpháirtigh a bhaineann leis an trádáil dhigiteach, féachfaidh na Páirtithe, nó spreagfaidh siad a gcomhlachtaí féin, le tionscnaimh chomhpháirteacha a shainaithint agus oibriú i gcomhar lena chéile ar na tionscnaimh chomhpháirteacha sin i réimsí na gcaighdeán, na rialachán teicniúil agus na nósanna imeachta um measúnú comhréireachta.

6. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an malartú faisnéise agus an trédhearcacht maidir le hullmhú, glacadh agus cur i bhfeidhm caighdeán, rialachán teicniúil agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i ndáil leis an trádáil dhigiteach agus dearbhaíonn siad a ngealltanais a bhaineann leis an trédhearcacht faoi Airteagail 4.4 go 4.6 den Chomhaontú Saorthrádála. I réimsí leasa fhrithpháirtigh atá ag teacht chun cinn sa gheilleagar digiteach, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an malartú faisnéise agus an trédhearcacht maidir le hullmhú, glacadh agus cur i bhfeidhm caighdeán, rialachán teicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta le haghaidh seirbhísí a bhaineann leis an trádáil dhigiteach agus féachfaidh siad, arna iarraidh sin orthu agus i gcás inarb iomchuí, faisnéis a sholáthar maidir le caighdeáin, rialacháin theicniúla agus nósanna imeachta um measúnú comhréireachta i ndáil le seirbhísí a bhfuil baint acu leis an trádáil dhigiteach.

AIRTEAGAL 23

Fiontair Bheaga agus Mheánmhéide agus Gnólachtaí Nuathionscanta

1. Aithníonn na Páirtithe an ról bunúsach atá ag fiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna) agus gnólachtaí nuathionscanta i gcaidreamh déthaobhach trádála agus infheistíochta na bPáirtithe agus na deiseanna a d’fhéadfadh na heintitis sin a fháil mar gheall ar an trádáil dhigiteach.

2. Aithníonn na Páirtithe an ról lárnach atá ag na páirtithe leasmhara, lena n-áirítear gnólachtaí, i gcur chun feidhme an Airteagail seo ag na Páirtithe.

3. D’fhonn deiseanna feabhsaithe a thabhairt do FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta tairbhiú den Chomhaontú seo, féachfaidh na Páirtithe le faisnéis agus dea-chleachtais a mhalartú maidir le huirlisí agus teicneolaíocht dhigiteach a ghiaráil chun feabhas a chur ar

rannpháirtíocht FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta i ndeiseanna trádála digití.

AIRTEAGAL 24

Cuimsiú Digiteach

1. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá an cuimsiú digiteach chun a áirithiú go mbeidh a bhfuil gá acu leis ag gach duine chun páirt a ghlacadh sa gheilleagar digiteach agus chun rannchuidiú leis an ngeilleagar digiteach agus chun tairbhiú de. Chuige sin, aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá sé na deiseanna a leathnú agus a éascú trí dheireadh a chur leis na bacainní ar rannpháirtíocht sa trádáil dhigiteach.

2. Chuige sin, comhoibreoidh na Páirtithe ar ábhair a bhaineann leis an gcuimsiú digiteach, lena n-áirítear rannpháirtíocht daoine sa trádáil dhigiteach ar daoine iad a bhféadfadh bacainní díréireacha a bheith rompu i ndáil lena rannpháirtíocht sa trádáil dhigiteach. Féadfaidh na nithe seo a leanas a bheith mar chuid den chomhar sin:

(a) taithí agus dea-chleachtais a roinnt, lena n-áirítear malartuithe idir saineolaithe, maidir leis an gcuimsiú digiteach;

(b) bacainní ar rochtain ar dheiseanna trádála digití a shainaithint agus aghaidh a thabhairt orthu;

(c) modhanna agus nósanna imeachta a roinnt maidir le tacair sonraí a fhorbairt agus anailís a dhéanamh i ndáil le rannpháirtíocht daoine sa trádáil dhigiteach ar daoine iad a bhféadfadh bacainní díréireacha a bheith rompu i ndáil lena rannpháirtíocht sa trádáil dhigiteach; agus

(d) aon réimse eile mar a chomhaontaíonn na Páirtithe.

3. Gníomhaíochtaí comhair a bhaineann leis an gcuimsiú digiteach, féadfar iad a dhéanamh trí chomhordú ghníomhaireachtaí agus páirtithe leasmhara na bPáirtithe féin, de réir mar is iomchuí.

4. Féachfaidh na Páirtithe le páirt ghníomhach a ghlacadh ag EDT agus i bhfóraim idirnáisiúnta eile chun tionscnaimh a chur chun cinn maidir le dul chun cinn a dhéanamh leis an gcuimsiú

digiteach sa trádáil dhigiteach.

AIRTEAGAL 25

Faisnéis a Roinnt

1. Déanfaidh gach Páirtí meán digiteach a bhunú nó a choinneáil ar bun, meán digiteach saor in aisce a mbeidh rochtain ag an bpobal air agus ina mbeidh faisnéis maidir leis an gComhaontú seo, lena n- áirítear na nithe seo a leanas:

(a) téacs an Chomhaontaithe seo;

(b) achoimre ar an gComhaontú seo; agus

(c) aon fhaisnéis bhreise a mheasann Páirtí a bheith úsáideach maidir le tuiscint FBManna agus gnólachtaí nuathionscanta ar thairbhí an Chomhaontaithe seo.

2. Déanfaidh gach Páirtí athbhreithniú tráthrialta ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil faoin Airteagal seo chun a áirithiú go bhfuil an fhaisnéis agus na naisc cothrom le dáta agus cruinn.

3. A mhéid is féidir, féachfaidh gach Páirtí leis an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil faoin Airteagal seo a chur ar fáil i mBéarla.

AIRTEAGAL 26

Rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara

1. Féachfaidh na Páirtithe le deiseanna a aimsiú chun tairbhí na trádála digití a chur chun cinn faoin gComhaontú seo i measc páirtithe leasmhara amhail gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha, saineolaithe acadúla agus páirtithe leasmhara eile.

2. Aithníonn na Páirtithe a thábhachtaí atá rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara agus an tábhacht a bhaineann le tionscnaimh agus ardáin ábhartha a chur chun cinn laistigh de na

Páirtithe agus eatarthu, de réir mar is iomchuí, i gcomhthéacs an Chomhaontaithe seo.

3. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh na Páirtithe rannpháirtíoch na bpáirtithe leasmhara amhail gnólachtaí, eagraíochtaí neamhrialtasacha agus saineolaithe acadúla a mhealladh i ndáil le hiarrachtaí cur chun feidhme agus chun an Comhaontú seo a nuachóiriú a thuilleadh.

## CAIBIDIL A TRÍ

## EISCEACHTAÍ, RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ, FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

### ROINN A

### EISCEACHTAÍ

### AIRTEAGAL 27

#### Gearradh Amach Stuamachta

1. D'ainneoin aon fhoráil eile de chuid an Chomhaontaithe seo, ní chuirfear cosc ar Pháirtí bearta a dhéanamh ar chúiseanna stuamachta[21], lena n-áirítear an méid seo a leanas:

(a) infheisteoirí, taisceoirí, sealbhóirí polasaí nó daoine a bhfuil dualgas muiníneach ar sholáthraí seirbhísí airgeadais acu a chosaint;

(b) sláine agus cobhsaíocht chóras airgeadais Páirtí a áirithiú.

2. I gcás nach mbeidh na bearta sin i gcomhréir le forálacha an Chomhaontaithe seo, ní úsáidfear iad chun gealltanais nó oibleagáidí an Pháirtí faoin gComhaontú seo a sheachaint.

---

[21] Tuigtear go bhféadfaí a áireamh sa téarma 'cúiseanna stuamachta' sábháilteacht, fóntacht, sláine nó freagracht airgeadais a choinneáil ar bun maidir le soláthróirí aonair seirbhísí airgeadais.

3. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar cheangal ar Pháirtí faisnéis a nochtadh a bhaineann le gnóthaí agus cuntais tomhaltóirí aonair nó le haon fhaisnéis rúnda nó dílseánaigh atá i seilbh eintiteas poiblí.

AIRTEAGAL 28

Eisceachtaí Ginearálta

Airteagal 2.15 (Eisceachtaí Ginearálta) agus Airteagal 7.50 (Eisceachtaí) den Chomhaontú Saorthrádála, beidh feidhm *mutatis mutandis* acu maidir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 29

Eisceachtaí Slándála

Airteagal 15.9 (Eisceachtaí Slándála) den Chomhaontú Saorthrádála, beidh feidhm *mutatis mutandis* aige maidir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 30

Eisceachtaí maidir le Comhordú na nÍocaíochtaí

Airteagal 15.8 (Eisceachtaí maidir le Comhordú na nÍocaíochtaí) den Chomhaontú Saorthrádála, beidh feidhm *mutatis mutandis* aige maidir leis an gComhaontú seo.

AIRTEAGAL 31

Cánachas

Airteagal 15.7 (Cánachas) den Chomhaontú Saorthrádála, beidh feidhm *mutatis mutandis* aige maidir leis an gComhaontú seo.

ROINN B

RÉITEACH DÍOSPÓIDÍ

AIRTEAGAL 32

Réiteach Díospóidí

1. Forálacha Chaibidil a Ceathair Déag (Réiteach Díospóidí) den Chomhaontú Saorthrádála agus ag na hIarscríbhinní a ghabhann leis, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag na forálacha sin

maidir leis an gComhaontú seo má tharlaíonn díospóid idir na Páirtithe a bhaineann le léirmhíniú nó cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo. I ndáil le díospóidí maidir le seirbhísí airgeadais a réiteach, beidh feidhm *mutatis mutandis* ag Airteagal 7.45 (Réiteach Díospóidí) den Chomhaontú Saorthrádála maidir leis an gComhaontú seo freisin.

2. Maidir le haon ábhar a bhaineann le léirmhíniú agus cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, féadfaidh Páirtí dul ar iontaoibh an tsásra idirghabhála a leagtar amach in Iarscríbhinn 14- A (Sásra Idirghabhála maidir le Bearta Neamhtharaife) a ghabhann leis an gComhaontú Saorthrádála, a mbeidh feidhm aige *mutatis mutandis*.

AIRTEAGAL 33

Trédhearcacht

Faoi réir cosaint faisnéise rúnda, mar chomhlánú ar na forálacha i gCaibidil a Ceathair Déag (Réiteach Díospóidí) den Chomhaontú Trádála, cuirfidh gach Páirtí na nithe seo a leanas a chur ar fáil go poiblí go pras:

(a) iarraidh ar chomhairliúcháin de bhun Airteagal 14.3(2) (Comhairliúcháin) den Chomhaontú Trádála;

(b) iarraidh ar phainéal a bhunú de bhun Airteagal 14.4(2) (An Nós Imeachta Eadrána a Thionscnamh) den Chomhaontú Trádála;

(c) dáta bunaithe painéil i gcomhréir le hAirteagal 14.5(4) (Bunú an Phainéil Eadrána) den Chomhaontú Saorthrádála, an teorainn ama le haghaidh aighneachtaí *amicus curiae* arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 11.1 d’Iarscríbhinn 14-B (Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Eadrána) den Chomhaontú Saorthrádála agus an teanga oibre le haghaidh na n- imeachtaí painéil arna cinneadh i gcomhréir le hAirteagal 13 d’Iarscríbhinn 14-B (Rialacha Nós Imeachta le haghaidh Eadrána) den Chomhaontú Saorthrádála;

(d) a aighneachtaí agus a ráitis a soláthraíodh sna himeachtaí painéil; agus

(e) faisnéis gur thángthas ar réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach de bhun Airteagal 14.13

(Réiteach arna Chomhaontú go Frithpháirteach). Féadfaidh na Páirtithe freisin, faoi réir cosaint faisnéise rúnda, réiteach arna chomhaontú go frithpháirteach ar thángthas air de bhun Airteagal 14.13 (Réiteach arna Chomhaontú go Frithpháirteach) den Chomhaontú Saorthrádála a phoibliú go pras, á thabhairt dá n-aire gurb é beartas an Aontais doiciméid den sórt sin a chur ar fáil go poiblí.

ROINN C
FORÁLACHA INSTITIÚIDEACHA

AIRTEAGAL 34

Forálacha Institiúideacha

1. Airteagal 15.1 (Coiste Trádála), Airteagal 15.2 (Coistí Speisialaithe), Airteagal 15.4 (Cinnteoireacht) agus Airteagal 15.5 (Leasuithe) den Comhaontú Saorthrádála, beidh feidhm *mutatis mutandis* acu maidir leis an gComhaontú seo.

2. Leis seo déanann na Páirtithe an Mheitheal um Thrádáil Dhigiteach a bhunú faoi choimirce an Choiste Trádála. Beidh an Mheitheal um Thrádáil Dhigiteach freagrach as cur chun feidhme éifeachtach an Chomhaontaithe seo, cé is moite d’Airteagal 19 (Ionaid Ilfhreastail). Airteagal 15.3 (Meithleacha) den Chomhaontú Saorthrádála, beidh feidhm *mutatis mutandis* aige maidir leis an gComhaontú seo.

3. Tiocfaidh an Mheitheal um Thrádáil Dhigiteach le chéile, ar leibhéal iomchuí, uair amháin sa bhliain mura gcomhaontóidh na Páirtithe a mhalairt, nó tráth ar bith arna iarraidh sin don Pháirtí nó don Choiste Trádála. Beidh ionadaithe ón Aontas agus ón gCóiré ina gcomhchathaoirligh uirthi. Comhaontóidh an Mheitheal um Thrádáil Dhigiteach a sceideal cruinnithe agus socróidh sí a clár oibre.

4. Cuirfidh an Mheitheal um Thrádáil Dhigiteach an Coiste Trádála ar an eolas maidir lena sceideal agus a clár oibre luath go leor roimh a cruinnithe. Tuairisceoidh sí don Choiste Trádála maidir lena gníomhaíochta ag gach cruinniú rialta den Choiste Trádála. An Mheitheal um Thrádáil Dhigiteach a bheith ann, ní chuirfear cosc leis sin ar cheachtar Páirtí aon ábhar a thabhairt go díreach chuig an gCoiste Trádála.

ROINN D

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 35

Nochtadh Faisnéise

1. Ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena gceanglaítear ar Pháirtí faisnéis rúnda a chur ar fáil, ar faisnéis í a gcuirfeadh a nochtadh bac ar fhorfheidhmiú an dlí, nó a mbeadh a nochtadh contrártha ar bhealach eile do leas an phobail, nó a ndéanfadh a nochtadh dochar do leasanna tráchtála dlisteanacha fiontar ar leith, bíodh siad poiblí nó príobháideach.

2. I gcás ina gcuirfidh Páirtí faisnéis faoi bhráid na Meithle um Thrádáil Dhigiteach, an Choiste Trádála nó an Choiste um Chustam, ar faisnéis í a meastar ina leith go bhfuil sí faoi rún faoina dhlí, caithfidh an Páirtí eile leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis rúnda, mura gcomhaontóidh an Páirtí atá á cur isteach a mhalairt.

AIRTEAGAL 36

Teacht i bhFeidhm

1. Déanfaidh na Páirtithe an Comhaontú seo a fhormheas i gcomhréir lena nósanna imeachta féin.

2. Tiocfaidh an Comhaontú seo i bhfeidhm 60 lá tar éis an lae ar a malartóidh na Páirtithe fógraí i scríbhinn lena ndeimhnítear gur chuir siad i gcrích a gceanglais agus a nósanna imeachta dlíthiúla infheidhme féin maidir le teacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo nó ar dháta eile de réir mar a chomhaontóidh na Páirtithe.

3. Seolfar fógraí chuig Ardrúnaíocht Chomhairle an Aontais Eorpaigh agus chuig Aireacht Trádála, Tionscail agus Fuinnimh Phoblacht na Cóiré, nó a comharba.

AIRTEAGAL 37

Fad

1. Beidh an Comhaontú seo bailí ar feadh tréimhse éiginnte.

2. Féadfaidh Páirtí fógra a thabhairt i scríbhinn don Pháirtí eile go bhfuil sé ar intinn aige an Comhaontú seo a shéanadh.

3. Tiocfaidh an séanadh i bhfeidhm 6 mhí tar éis fógra a thabhairt ina leith faoi mhír 2.

AIRTEAGAL 38

Oibleagáidí a Chomhlíonadh

1. Déanfaidh na Páirtithe aon bheart ginearálta nó sonrach atá riachtanach chun a n-oibleagáidí a chomhlíonadh faoin gComhaontú seo. Féachfaidh siad chuige go mbaintear amach na cuspóirí a leagtar amach sa Chomhaontú seo.

2. Féadfaidh Páirtí bearta iomchuí a dhéanamh láithreach i gcomhréir leis an dlí idirnáisiúnta i gcás shéanadh an Chomhaontaithe seo nach ngearrtar smachtbhanna ina leith le rialacha ginearálta an dlí idirnáisiúnta.

AIRTEAGAL 39

Caidreamh le Comhaontuithe Eile

1. Mura sonraítear a mhalairt, ní chuirtear an Comhaontú seo in ionad comhaontuithe a rinneadh roimhe seo idir Ballstáit an Aontais nó an Comhphobal Eorpach nó an tAontas agus an Chóiré

agus ní fhoirceanntar leis an gComhaontú seo iad.

2. Roinn F (Ríomhthráchtáil) de Chaibidil a Seacht (Trádáil i Seirbhísí, Bunaíocht agus Ríomhthráchtáil) den Chomhaontú Saorthrádála, scoirfidh an roinn sin d'fheidhm a bheith aici agus cuirtear an Comhaontú seo ina hionad.

3. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, maidir le Foroinn E (Seirbhísí Airgeadais) de Roinn E (Creat Rialála) de Chaibidil a Seacht (Trádáil i Seirbhísí, Bunaíocht agus Ríomhthráchtáil), lena n-áirítear Airteagal 7.46 (Aitheantas) den Chomhaontú Saorthrádála, leanfaidh an Fhoroinn sin d'fheidhm a bheith aici maidir le bearta a thagann faoi raon feidhme Airteagal 7.37 (Raon Feidhme agus Sainmhínithe) den Chomhaontú sin.

4. Beidh an Comhaontú seo ina chuid lárnach den chaidreamh déthaobhach foriomlán idir an tAontas agus a Bhallstáit, de pháirt, agus Poblacht na Cóiré, den pháirt eile, de réir mar a rialaítear leis an gCreat-Chomhaontú agus leis an gComhaontú Saorthrádála. Is é atá sa Chomhaontú seo comhaontú sonrach lena dtugtar éifeacht, in éineacht leis an gComhaontú Saorthrádála, do na forálacha trádála de réir bhrí an Chreat-Chomhaontaithe.

5. Comhaontaíonn na Páirtithe nach gcuireann aon ní sa Chomhaontú seo de cheangal orthu gníomhú ar bhealach a bheadh ar neamhréir lena n- oibleagáidí faoi Chomhaontú EDT.

## AIRTEAGAL 40

### Gan aon Éifeacht Dhíreach

1. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, ní fhorléireofar aon ní sa Chomhaontú seo mar ní lena dtugtar cearta d'aon duine nó mar ní lena bhforchuirtear oibleagáidí ar aon duine, seachas na cearta agus na hoibleagáidí a chruthaítear idir na Páirtithe faoin dlí idirnáisiúnta poiblí.

2. Ní dhéanfaidh Páirtí foráil maidir le ceart caingne faoina dhlí in aghaidh an Pháirtí eile ar an bhforas go bhfuil beart de chuid an Pháirtí eile ar neamhréir leis an gComhaontú seo.

## AIRTEAGAL 41

Cur i bhFeidhm Críochach

Beidh feidhm ag an gComhaontú seo:

(a) i ndáil leis an Aontas, maidir leis na críocha a gcuirtear an Conradh ar an Aontas Eorpach agus an Conradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm maidir leo, faoi na coinníollacha a leagtar síos sna Conarthaí sin; agus

(b) i ndáil leis an gCóiré, maidir lena críoch.

Tuigfear tagairtí do 'críoch' sa Chomhaontú seo sa chiall sin, ach amháin mura sonraítear a mhalairt go sainráite.

AIRTEAGAL 42

Téacsanna Barántúla

Déantar an Comhaontú seo a tharraingt suas i ndúblach sa Bhéarla, sa Bhulgáiris, sa Chróitis, sa Danmhairgis, san Eastóinis, san Fhionlainnis, sa Fhraincis, sa Ghaeilge, sa Ghearmáinis, sa Ghréigis, san Iodáilis, sa Laitvis, sa Liotuáinis, sa Mháltais, san Ollainnis, sa Pholainnis, sa Phortaingéilis, sa Rómáinis, sa tSeicis, sa tSlóivéinis, sa tSlóvaicis, sa Spáinnis, sa tSualainnis, san Ungáiris agus sa Chóiréis, agus tá gach téacs díobh barántúil.